

MAIDIN i mBÉARRA

**IS É MO CHAÍ, GAN MISE MAIDIN AERACH
AMUIGH I MBÉARRA, I M' SHEASAMH AR AN DTRÁ
IS GUTH NA N-ÉAN 'O M'THARRAING THAR NA SLÉIBHTE
COIS NA FARRAIGE
GO CÉIM AN AITINN MAR A MBÍONN MO GHRÁ**

**IS OBANN AITEASACH DO LÉIMFINN
DO RITHFINN SAOR Ó ANABHROID AN TLÁIS
DO THABHAIRFINN DROIM AR SCAMALLAIBH AN TSAOIL SEO
DÁ BHFAIGHINN MO LÉIRDHÓTHAIN D'AMHARC AR MO
CHAOIMHSHEARC BÁN**

**IS É MO DHITH TÁIM CEANGAILTE GO FAONLAG
IS NEART MO CHLÉIBH DÁ THACHTADH 'NSEO SA TSRÁID
AN FHAD TÁ RÉIM NA HABHANN
AGUS GAOTH GHLAN NA FARRAIGE
AG GLAOCH IS GAIRM AR AN GCROÍ SEO I M'LÁR**

**IS MILIS BRÍOMHAR LEATHANBHOG AN T-AER ANN
IS GILE ÓN NGRÉIN GO FAIRSING AR AN MBÁN
IS OCHÓN, A RIBHEAN BHANÚIL NA GCRAOBHFHOLT
GAN SINNE ARAON I MEASC AN AITINN
MAR DO BHÍMIS TRÁTH!**